



## Eochairchéim 3

### Dátaí Tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí don Mheasúnú agus don Mhodhnóireacht ar an Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC 2018/19

- Chuir CCEA an scoil ar an eolas cheana féin maidir le modhnóireacht ar **An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice**, nó **Úsáid TFC** i mbliana.
- Beidh deis ag múinteoirí freastal ar **ócáid leagtha síos caighdeán de chuid CCEA** i mí na Samhna/mí na Nollag.
- Mar chuid de na socruithe measúnaithe, caithfidh an scoil **caighdeánú inmheánach** a dhéanamh sula dtarlóidh an modhnóireacht.

### An Mhodhnóireacht: Deimhniú Caighdeán (*Gach scoil*)

Lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann, chruinn ag scoileanna maidir leis na caighdeáin mar a chuirtear síos orthu sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn:

Ba chóir don scoil **samplaí d'obair daltaí** a chur chuig CCEA don scil a tugadh di (An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC). Ba cheart go mbeadh samplaí in iontráil na scoile de gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú i mbliana.

Dátaí Tábhachtacha	An Chumarsáid (Gaeilge agus Béarla i nGaelscoileanna)	Úsáid na Matamaitice	Úsáid TFC
Faoin 11 Feabhra 2019 don Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC	Maidir leis <b>An Chumarsáid</b> : caithfear <b>sé shampla</b> d'obair daltaí (Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire san áireamh) a chur isteach do <b>gach leibhéal</b> atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>trí</b> shampla Léitheoireachta;</li> <li>• <b>trí</b> shampla Scríbhneoireachta; agus</li> <li>• samplaí a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla.</li> </ul>	Maidir le <b>hÚsáid na Matamaitice</b> : caithfear <b>trí shampla</b> d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do <b>gach leibhéal</b> atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear samplaí a léiríonn leithead trasna: <ul style="list-style-type: none"> <li>• na Riachtanais; agus</li> <li>• an tEolas agus Tuiscint.</li> </ul>	Maidir le <b>hÚsáid TFC</b> : caithfear <b>cúig shampla</b> d'obair daltaí (is féidir Tascanna atá faofa ag CCEA/Tascanna Measúnaithe Eiseamláire a chur san áireamh) a chur isteach do <b>gach leibhéal</b> atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>• fianaise de Fiosrú, Cur in Iúl, Malartú agus Luacháil; agus</li> <li>• samplaí a léiríonn taithí leathan ar Úsáid TFC (cineálacha éagsúla bogearraí trasna Réimsí Foghlama éagsúla).</li> </ul>

Is féidir obair ó bhliaingrúpa ar bith a chur in iontráil na scoile. Mura bhfuil samplaí fóirsteanacha agat ag leibhéal áirithe ag an am seo den bhliain, is féidir obair ó bhliain ar bith ó rinneadh an mhodhnóireacht dheireanach sa scil sin a chur san áireamh.

Faoin 3 Bealtaine 2019	Déanfaidh CCEA modhnóireacht ar iontráil na scoile agus tabharfar aischothú. <b>Mura bhfuil CCEA in ann an tuiscint atá ag an scoil ar na caighdeáin a dheimhniú ó iontráil na scoile, déanfaidh an fhoireann modhnóireachta tacaíocht bhreise a thairiscint.</b>
Faoin 24 Bealtaine 2019	Caithfidh an scoil comhad idirmhalartú leictreonach sonraí ( <i>EDI</i> ) a chur chuig CCEA trí C2k, ar a n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>• sonraí maidir le daltaí Bhliain 10; agus</li> <li>• an leibhéal a bhronn na múinteoirí ar gach dalta sa <b>Chumarsáid</b>, in <b>Úsáid na Matamaitice</b> agus in <b>Úsáid TFC</b>.</li> </ul>

### Modhnóireacht Leantach (*Na scoileanna sin nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil go fóill*)

Deireadh Bealtaine/ Tús Meithimh 2019	Déanfaidh CCEA teagmháil leis na scoileanna atá páirteach sa Mhodhnóireacht Leantach le tacaíocht bhreise ó mhodhnóir a thairiscint.
Meitheamh go Meán Fómhair 2019	Cuirfidh CCEA tacaíocht ar fáil do na scoileanna sin ar mhaith leo tacaíocht a fháil.